C/2025/3584

30.6.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/3584)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

'Aceite del Somontano'

Uimh. AE: PDO-ES-03035 — 21.11.2023

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Aceite del Somontano'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

— ***Cód Ainmníochta Comhcheangailte***

15 – SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is ola olóige úríon (OOÚ) é a fhaightear, trí úsáid a bhaint as próisis mheicniúla agus próisis fhisiceacha eile amháin, ó thoradh an chrainn ológ (*Olea europaea L.*).

Baintear na hológa go díreach den chrann nuair nach airde ná sé a rátáil aibíochta.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha

Aigéadacht (arna sloinneadh mar aigéad oiléach): ≤ 0,4 %.

— Innéacs sárocsaíde: ≤ 12 mEq O2/kg

Cion iomlán na bpolaifeanól: 100 mg/kg ar a laghad

Eistir eitile: 20 mg/kg ar a mhéad

— Luach Rancimat ag 120 °C ar a laghad 8 n-uair an chloig

Tréithe orgánaileipteacha:

Éilítear le hanailís orgánaileipteach ar 'Aceite del Somontano' próifíl chéadfach ina bhfuil déine inbhraite go soiléir a léiríonn a chastacht agus trí thuairisceoir riachtanacha ar a laghad, dea-bholaithe boltanacha díreacha nó ais-sróine, gan aon ghéire. Is iad a ghnéithe idirdhealaitheacha torthaíocht ghlas na n-ológ, féar, duilleoga, almóinní, trátaí agus duilliúr.

Ní mór gach ceann dá rátálacha airmheánacha le haghaidh torthaíochta, searbhais agus géire a bheith inbhraite agus ní mór na saintréithe céadfacha airmheánacha dearfacha a bheith os cionn a sé.

Scór airmheánach as lochtanna	Md=0
Blas torthaíoch airmheánach	MF > 3,0
Achoimre ar shaintréithe orgánaileipteacha dearfacha	≥ 6,0

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is ola olóige úríon é 'Aceite del Somontano' atá ar fáil i gcineálacha éagsúla. Saothraítear sa limistéar geografach sainithe é agus faightear ó ológa de na cineálacha áitiúla eindéimeacha aitheanta seo a leanas é: Albareta, Alcampelina, Alía, Alquecerana, Blancal, Caspolina, Cerecera, Cerruda, Gordal del Somontano, Injerto, Mochuto, Negral de Bierge, Neral, Nación, Panseñera, Piga agus Verdeña. Ní mór 85 % ar a laghad de cheann amháin nó níos mó de na cineálacha sin a bheith ann.

Féadfaidh cineálacha eile a shaothraítear sa limistéar geografach sainithe freisin a bheith i suas le 15 % den táirge ach ar bhealach nach mbeidh tionchar mór acu ar cháilíocht ná ar phróifíl deiridh an táirge.

Tagann na hamhábhair ón limistéar geografach.

3.4. *Céimeanna sonracha an táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Aceite del Somontano', ó shaothrú na gcineálacha uile go dtí an phróiseáil, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun saintréithe OOÚ deimhnithe a choinneáil ar bun, déanfar an próiseas pacáistithe i limistéar táirgeachta an Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC). Dá réir sin, beidh smacht iomlán againn ar an táirgeadh, agus beidh saineolaithe áitiúla a bhfuil taithí acu freagrach as láimhseáil deiridh an táirge. Ar ndóigh, is fearr a thuigeann muilte cláraithe an chaoi a n-imoibríonn a gcuid OOÚnna do na céimeanna éagsúla a bhaineann leis an bpróiseas pacáistithe, amhail amanna agus modhanna scinceála, úsáid scagairí, ábhair scagaire, teochtaí pacáistithe agus a n-imoibriú in aghaidh fuachta agus stórála.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lipéad uimhrithe a bheith ar an bpacáistíocht ina seoltar na OOÚnna faoi chosaint ar a bhfuil siombail an Aontais lena sainaithnítear an ATFC, an t-ainm 'Aceite del Somontano' agus a lógó ATFC féin. Féadfar ainm nó lógó an chomhlachta ar sannadh roinnt cúraimí rialaithe dó a thaispeáint.

Seo lógó an ATFC:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgeachta suite i lár chúige Huesca (Aragón), atá suite idir na Piréiní láir agus gleann Ebro.

Liosta na mbardas (42):

Abiego, Abizanda, Adahuesca, Ainsa-Sobrarbe, Angüés, Alquézar, Azara, Azlor, Barbastro, Barbuñales, Bárcabo, Berbegal, Bierge, Boltaña, Casbas de Huesca, Castejón del Puente, Castelflorite, Castillazuelo, Colungo, El Grado, Estada, Estadilla, Fonz, Graus, Hoz y Costean, Ilche, Laluenga, Laperdiguera, La Puebla de Castro, Lascellas-Ponzano, Lastanosa, Loporzano, Naval, Olvena, Peralta de Alcofea, Peraltilla, Pozán de Vero, Salas Altas, Salas Bajas, Santa María de Dulcis, Secastilla agus Torres de Alcanadre.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh.*

Tosca nádúrtha

Tá dlúthbhaint ag geolaíocht an limistéir táirgeachta le foirmiú shléibhte na bPiréiní, leis an oraigineas Alpach agus le himeachtaí éagsúla a tharla ina dhiaidh sin a raibh foirmiú abhantrach Ebro mar atá anois mar thoradh orthu.

Is mar gheall ar an oraigineas Alpach atá sliabhraon na bPiréiní mar atá sé faoi láthair ann, agus is léir go bhfuil tionchar aige sin ar an limistéar táirgeachta.

Mar thoradh ar gheolaíocht chasta an limistéir táirgeachta, tá liteolaíocht leathan agus éagsúil ann agus tá limistéar mór bunchnoic ann atá múnlaithe as smionagar dromchlaí seachtracha logán Ebro (a théann siar go dtí an sealad geolaíoch Olagai-Méicéineach), a shíneann idir rilíf struchtúrach táblach lár an logáin agus na fánaí seachtracha. Ní féidir aon amhras a bheith ann maidir leis an saibhreas geomoirfeolaíoch ar leith a raibh raon aonad [geolaíoch] mar thoradh air. Príomhthoisc amháin i dteacht chun cinn na moirfeolaíochta atá ann faoi láthair is ea uisce dromchla nó screamhuisce, príomhghníomhaí creimthe agus acmhainn ríthábhachtach i dtáirgeadh barr. Tá tionchar ag a chineál geomoirfeolaíoch agus a ábhair thosaigh ar na hithreacha sa limistéar táirgeachta. Tá na sainchisil suntasach as bheith ócrach agus dá bhrí sin tanaí, agus as cion íseal ábhair orgánaigh a bheith iontu. As na sainchisil sin, is iad na cinn chaimbeacha agus chréúla atá chun tosaigh. Baineann na hoird ithreach is ionadaíche den limistéar, de réir Thacsanomaíocht Ithreach (Foireann an tSuirbhé Ithreach, 2014), leis na ceithre phríomhord seo a leanas (in ord éabhlóide): einteasail, ardasail, incheapasail agus alfasail.

Saintréith de shaintréithe fisiceimiceacha na n-ithreacha sa limistéar sin is ea pH alcaileach (idir 8,0 agus 8,5) agus cion carbónáite cailciam an-athraitheach (2 - 70 %). Níl mórán salandachta sna hithreacha (0,3 go 1,7 dS/m) agus is í an uigeacht dúrabháin is coitianta sa limistéar. Tá an limistéar idir dhá réigiún bhithgheografacha: réigiún Eora-Shibéarach, Aragón Réamh-Phiréiní agus réigiún Meánmhara Aragón Íochtaraí Ebro Uachtaraí.

Aicmítear aeráid an réigiúin mar aeráid ilchríochach na Meánmhara, arb iad samhraí teo agus geimhrí fionnuara saintréithe na haeráide sin. Cuireann an topagrafaíocht máguaird - na Piréiní ó thuaidh agus an Córas Ibéarach siar ó dheas - bac ar mhaiseanna aeir thais ón aigéan teacht isteach sa limistéar, rud a fhágann go bhfuil sé níos tirime fós.

Tá an limistéar críochaithe ina bhfuil na garráin ológ suite 300 go 800 méadar os cionn leibhéal na farraige den chuid is mó, cé go bhfuil roinnt codanna de breis is 1 000 méadar os cionn leibhéal na farraige.

De réir an stáisiúin aimsire áitiúil, is é an t-earrach príomhshéasúr báistí an limistéir agus bíonn tuilleadh báistí ann san fhómhar. Is é an samhradh an séasúr is tirime, ina mbíonn an meánráta báistí níos lú ná 600 mm.

Tá saothrú ológ sa limistéar táirgeachta neamhuiscithe. De réir na litríochta eolaíche, ba cheart na dálaí báistí idéalacha le haghaidh saothraithe a bheith idir 600 mm agus 800 mm scaipthe ar feadh na bliana.

Léirítear le taifid aeráide an limistéir go bhfuil na meánteochtaí bliantúla thart ar 12-15° C. Ní thiteann na dearbhtheochtaí íosta riamh faoi bhun -6 °C agus ní sháraíonn dearbhtheochtaí uasta 37 °C. Ba cheart na luachanna sin a bheith laistigh den raon inghlactha chun garráin ológ a fhorbairt, mar a tugadh faoi deara i saothair roimhe seo.

Is idir 700 mm agus 800 mm atá an t-imghalú faoi láthair, rud a sháraíonn leibhéil na báistí ag beagnach gach stáisiún aimsire atá ann cheana sa limistéar táirgeachta.

Príomhpharaiméadar amháin is ea tarlú agus minicíocht seaca, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chéimeanna feineolaíochta deiridh (e.g. forbairt shéasúrach) an chrainn ológ. Dá bhrí sin, is ar an mbonn sin den chuid is mó a roghnaíodh cineálacha.

Gné mhór aeráide eile is ea an ghaoth, a bhfuil tionchar suntasach aici ar chrainn ológ agus ar chineálacha oiriúnaithe, rud a chuireann le himghalú agus le triomú ithreach. Is iad na gnáthghaotha cierzo a shéideann aniar aduaidh i dtreo an oirdheiscirt, a tharlaíonn sa gheimhridh den chuid is mó, agus an bochorno a shéideann anoir aneas i dtreo an iarthuaiscirt sa samhradh.

Faigheann an barr thart ar 3 500,46 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Tá gá le 2 800 uair an chloig gréine ar a laghad in aghaidh na bliana chun garrán ológ a shaothrú, nach dtiocfadh na crainn i mbláth agus nach bhforbródh na torthaí dá uireasa.

Tosca daonna

I dtéarmaí tosca daonna mar a bhaineann siad le saintréithe sonracha shaothrú na n-ológ agus OOÚ sa limistéar táirgeachta, chuirfimis oiriúnú shaothrú na n-ológ agus úsctha ola do shaintréithe an limistéir i dtábhacht, agus béim á leagan ar cháilíocht na dtorthaí agus ar na EVOOnna indeimhnithe, agus tosaíocht á tabhairt dóibh.

I dtaca leis sin, saothraíonn saothraithe ológa sa limistéar táirgeachta ar an mbealach traidisiúnta ar thalamh neamhuiscithe, a gcleachtais saothraithe á n-oiriúnú don tír-raon áitiúil agus don phatrún báistí atá i réim.

Tá saibhreas agus éagsúlacht ghéiniteach mhór ag garráin ológ Somontano *comarca* (ceantar geografach). Tá bunús sa *comarca* ag formhór na gcineálacha sin agus tá siad eindéimeach ann, áit a ndearna saothraithe ológ áitiúla, in imeacht na mblianta, triail a bhaint as go leor cineálacha, agus leanadh de phróifíl chasta shainiúil na ngarrán ológ sa limistéar táirgeachta le himeacht ama, rud a fhágann go bhfuil oidhreacht ghéiniteach uathúil saothraithe ann a tugadh ar aghaidh ónár sinsir, rud a tháirgeann OOÚnna sainiúla agus eisiacha.

Buanann feirmeoirí na hológa go díreach den chrann nuair a bhíonn leibhéal aibíochta nach mó ná sé bainte amach acu. Cuirtear cáilíocht na dtorthaí agus a saintréithe bunaidh ar an gcrann i dtábhacht trí bhuaint luath agus trí thréimhsí seaca a sheachaint.

Cuireann na muilte cáilíocht na dtorthaí a choinneáil ar bun agus ar OOÚ a eastóscadh d'fhonn amanna próiseála agus teochtaí ag céim an mhallmhaistridh a íoslaghdú i dtábhacht, chun saintréithe bunaidh na dtorthaí ar an gcrann a atáirgeadh.

I staidéir thaighde ar 'Geilleagar Aragón Rómhánaigh', luaitear agus déantar doiciméadú ar láithreacht crann ológ sa chríoch, rud a léiríonn gur fásadh, gur táirgeadh agus gur itheadh ológa i ré na Rómhánach sa *comarca*.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is iad na cineálacha ológ atá sa limistéar táirgeachta Albareta, Alcampelina, Alía, Alquecerana, Blancal, Caspolina, Cerecera, Cerruda, Gordal del Somontano, Injerto, Mochuto, Negral de Bierge, Neral, Nación, Panseñera, Piga agus Verdeña.

Saintréith de na cineálacha aitheanta atá sa limistéar táirgeachta is ea frithsheasmhacht shuntasach in aghaidh an fhuachta agus leibhéil arda athléimneachta maidir le coinneáil torthaí.

Tá próifílí orgánaileipteacha cothroma ag OOÚnna as réigiúin shléibhtiúla gan aon géire ina dtuairisceoirí.

Leagtar amach sa tuairisc ar olaí olóige úríona 'Aceite del Somontano' próifíl chobhsaíochta ina bhfuil paraiméadair indeimhnithe maidir leis an gcion iomlán polaifeanól, eistir eitile agus rancimat, atá ar leithligh agus nach cuid de na ceanglais cháilíochta agus deimhniúcháin atá i bhfeidhm san earnáil í.

Tá uasluachanna ceadaithe a bhaineann go sonrach le saintréithe 'Aceite del Somontano' ag na próisis hidrealaithe laghdaithe, as a dtagann luachanna nach mó ná 0,4° agus eistir eitile faoi 20.

Tá próifíl orgánaileipteach eisiach ag 'Aceite del Somontano' ina bhfuil trí thuairisceoir inaitheanta go soiléir ar a laghad agus ní mór na saintréithe céadfacha airmheánacha dearfacha a bheith níos mó ná sé. Tá blasanna suntasacha ológ, féir, duilleog, almóinn, trátaí agus duilliúir ann.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge*

Na dálaí ithreach agus aeráide a bhfuil tionchar díreach ag sliabhraon na bPiréiní orthu, ag a bhfuil geolaíocht chasta, agus saibhreas geomoirfeolaíoch na n-ithreacha tanaí, mar aon leis an leithlisiú arb é an tír-raon máguaird is cúis leis agus na gnáthghaotha a chuireann le triomacht chomhshaoil ina mbíonn sioc rialta, agus cleachtais saothraithe atá curtha in oiriúint don limistéar táirgeachta, is iad ba chúis le rogha cineálacha agus a láithreacht eisiach i limistéar ina bhfuil a cineálacha ar leith agus a lán cineálacha atá uathúil i ndomhan na n-ológ.

Is iad saintréithe na gcineálacha ológ oiriúnaithe sa limistéar táirgeachta leibhéil arda frithsheasmhachta in aghaidh an fhuachta, coinneáil athléimneach torthaí ag an bpointe dícheangail, caoinfhulaingthe ar leibhéil arda imghalaithe agus garráin ológ thirime den chuid is mó, rudaí uile a fhágann go bhfuil siad oiriúnach go hidéalach do shaothrú i ndálaí foircneacha.

Is é atá sa limistéar geografach táirgeachta limistéar bunchnoic ag a bhfuil domhanleithid, airde agus fánaí a mbaineann saintréithe uathúla leo. De réir na litríochta eolaíche, tá na OOÚnna sin 'níos fíneálta', arb iad is cúis le 'Aceite del Somontano' agus a phróifíl orgánaileipteach indeimhnithe gan aon géire.

Is mór an tionchar a bhí ag saothrú neamhuiscithe garrán ológ sa limistéar táirgeachta, ag na cineálacha uathúla atá oiriúnaithe do na dálaí ithreach agus aeráide, agus ag cleachtais saothraithe thraidisiúnta na luathbhuainte agus na buainte roghnaithe ar cháilíocht fhisiciceimiceach agus orgánaileipteach na OOÚnna indeimhnithe.

Mar thoradh ar phróisis luathbhuainte, roghnú agus seachadadh láithreach na dtorthaí chuig an muileann, amanna agus teochtaí eastósctha ísle, prótacail ghlantacháin dhiana agus láithreacht cineálacha atá oiriúnaithe do na dálaí tirime a éascaíonn an tír-raon, gnáthghaotha agus imghalú, tá próisis hidrealaithe laghdaithe ann, arb iad, dá réir sin, a bhí ina gcúis leis an gceanglas maidir le híosluachanna aigéadachta i gcomhréir le dálaí bunaidh na dtorthaí.

Tá airíonna cobhsaíochta 'Aceite de Somontano' agus paraiméadair indeimhnithe na bpolaifeanól iomlán, na n-eistir eitile agus an chion rancimat iomlán tagtha chun cinn mar gheall ar dhálaí struis an chrainn ológ de bharr ithreacha tanaí, talamh neamhuiscithe, sioc rialta, tuire agus na gnáthghaotha, is iad sin an cierzo agus an bochorno.

Na próifílí céadfacha saintréitheacha ag a bhfuil ceanglais shonracha indeimhnithe atá uathúil i ndomhan shaothrú na n-ológ, is toradh iad ar shaibhreas uathúil cineálacha sa limistéar táirgeachta, mar aon leis na dálaí struis saothraithe, cleachtais saothraithe lena n-urramaítear dálaí agus airíonna bunaidh na dtorthaí agus táirgeadh neamhuiscithe na ngarrán ológ. Tá próifíl orgánaileipteach eisiach ag 'Aceite del Somontano' a léiríonn a chastacht, agus ina bhfuil trí thuairisceoir inaitheanta go soiléir ar a laghad, rud a neartaítear leis an gceanglas tréithe orgánaileipteacha dearfacha a charnadh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.aragon.es/-/denominacion-origen-protegida-aceite-somontano